Tuairisc ar an Máistir Gairmiúil san Oideachas

Scoil Chuimsitheach, An Cheathrú Rua
4 Meitheamh 2019

Uimhreacha

Bliain	Líon	Sparánachtaí COGG
Rang úr na bliana 2019/2020	35	Eolaíochtaí: 2 Mata: 2 Nuatheangacha: 8 (6 Fraincis, 1 Spáinnis, 1 Gearmáinis)
Céimithe 2020 (Bliain 2 2019/20)	28	Eolaíochtaí: 2 (2 Fisic) Mata: 2 Nuatheangacha: 6 (4 Fraincis, 1 Spáinnis, 1 Gearmáinis)
Céimithe 2019	25	
Céimithe 2018	25	

Rang úr na bliana 2019

Tá an córas iontrála tríd PAC dúnta anois agus chuir muid 51 céimithe faoi agallamh don MGO.
Beidh 35 mac léinn ag tosú linn i Meán Fómhair - an líon is airde ó athraíodh an MGO ó thréimhse bliana go tréimhse dhá bhliain.
Is léir go bhfuil suim sa chlár i measc céimithe ardaithe go mór i mbliana áit go raibh méadú suantasach i líon na n-iarratas a rinneadh tríd PAC.

Postanna ar iasacht (Beirt)

Ba chúnamh ollmhór dúinn an dá phost ar iasacht ceadaithe don MGO arís i mbliana. Beidh siad ag cur tús leis an tríú bhliain acu linn ar iasacht i Meán Fómhair 2019.

TTEG (Teastas Teagaisc don Earnáil Ghaeloideachais

Bhí an seisiún deiridh againn don TTEG ar champas na hollscoile ar an Satharn, Bealtaine 25ú 2019. 14 a bhí sa ghrúpa. Rinne siad uilig 2 thréimhse linn ar champas agus trí théimhse ar líne. Tugann an TTEG léargas agus tuiscint do na rannpháirtithe ar chomhthéacs agus dea-chleachtais iomaire an Ghaeloideachais ag an iar-bhunleibhéal. Rinneadh staidéar ar pholasaithe, múnlaí sealbhaithe teanga agus CLIL/FCÁT.